NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10841 — FIRMENICH INTERNATIONAL / KONINKLIJKE DSM)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 30/11)

1. An 18 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Firmenich International SA ("Firmenich", an Eilvéis),

— Koninklijke DSM N.V. ("DSM", an Ísiltír).

Déanfaidh Firmenich cumasc iomlán, de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) den Rialachán um Chumaisc, le DSM.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann Firmenich speisialtóireacht i dtáirgeadh agus tráchtálú cumhrán, blasanna, ceimiceán dea-bholaidh, roisín péine, tuirpintín péine agus teirpéine péine,

— Tá DSM gníomhach go príomha i dtáirgeadh ceimiceán dea-bholaidh, blasanna, comhábhar neamh-mhilis, einsímí, caraitéanóideach, vitimíní agus saothrán.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10841 — FIRMENICH INTERNATIONAL / KONINKLIJKE DSM

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË